TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

Treoirbhileog 16

CLÁIR AMA

"Predictability and consistency are two of the cornerstones of effective behaviour management" (Gordon, 1996). Má bhíonn plean soiléir againn don tslí a rachaimid beidh sé ar cheann de na bealaí is fearr le bheith in ann féachaint chun cinn. Má bhíonn clár ama laethúil ann don rang nó don dalta aonair is bealach amháin é le tacú le daltaí agus insint dóibh cad a bheidh ag tarlú gach lá / ag gach seisiún. Is féidir cláir ama amhairc a úsáid chun cabhrú le daltaí fios a bheith acu cad a tharlóidh an lá sin, rud a laghdóidh imní, frustrachas agus a thabharfaidh smacht éigin dóibh ar an timpeallacht ina bhfuil siad. Is áisiúil iad cláir ama dóibh siúd a bhfuil deacracht acu le léitheoireacht nó dóibh siúd a bhfuil drochscileanna eagrúcháin acu.

Roinnt treoirlínte maidir le cláir ama:

1. Pleanáil clár ama agus priontáil é. Tabhair cóip amháin do gach dalta agus tabhair ceann do thuismitheoirí.
2. Úsáid íomhánna chun beocht a thabhairt don chlár ama, rud a chabhróidh le daltaí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu.
3. Beidh roinnt daltaí in ann clár ama seachtainiúil a thuiscint ach ní bheidh daltaí eile in ann ach clár ama an lae inniu a thuiscint. Sa chás sin, cuir clár ama an lae ar dheasc na ndaltaí sin nó iarr orthu an clár ama a roghnú as fillteán.
4. Seans go mbeidh leagan níos simplí ó roinnt daltaí, leagan a úsáidfidh siombailí chun "Anois" agus "An chéad rang eile" a léiriú. Féadfar na siombailí sin a athrú thart ar chlár Velcro.

Anois	An Chéad Rang Eile

5. Cuir an clár ama in oiriúint d'aois na ndaltaí agus dá gcumas. Ná húsáid ach grafaicí / íomhánna a oirfidh dá n-aois.
6. Seans gur gá ainm agus/nó grianghraf an mhúinteora a chur isteach, chomh maith le hainm / uimhir an tseomra ranga, in aice le gach spás ama; cabhróidh seo le daltaí nach bhfuil ach ag tosú ar do scoil.

AM	ÁBHAR	MÚINTEOIR	SEOMRA
9.00 – 9.40	**Matamaitic**	**Iníon James**	**201**
9.40 – 10.20	**Ealaín**	**An tUasal Wall**	**105**
10.20 – 11.00	**Ceol**	**An tUasal Ryan**	**203**

7. An chuid eile den fhoireann ar gá dóibh fios a bheith acu faoi do chlár ama labhair leo ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi.
8. Tig leat tréimhse 'am lánroghnach' amháin a chur ar fáil áit a roghnaíonn daltaí ábhar / a n-oibríonn siad ar thogra srl
9. Nuair is féidir, triail measc'an d'ábhair 'acadúla' agus ábhair 'ghníomhaíochta' / 'phraiticiúla'.
10. Cloígh leis an gclár ama. Má gá é a athrú, abair leis na daltaí go bhfuil tú chun é a athrú.

D'fhéadfadh Clár Ama Amhairc a bheith cosúil leis an dá shampla seo a leanas:

Clár Ama Amhairc Shamplach (Rang Sóisir Bunscoile)

Inniu an Luan	
An Chéad Rang	
An Chéad Rang Eile	
Ansin	
Sos	
Tar éis an tSosa	
Ansin	
Lón	
Tar éis am lóin	
An rud deiridh	

Sampla de Chlár Ama Amhairc (Rang Ardteistiméireachta Feidhmí)

DÉ LUAIN

9.30 – 10.20 Béarla

10.20 - 11.10 Matamaitic

11.10 - 11.20 SOS

11.20 – 12.10 Gaeilge

12.10 – 1.00 T.F.

1.00-1.30 LÓN

1.30-3.00 Spórt / Ealaín

DÉ MÁIRT

9.30 – 10.20 Béarla

10.20 - 11.10 Matamaitic

11.10 - 11.20 SOS

11.20 – 12.10 Oid. Sóisialta

12.10 – 1.00 Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir

1.00 - 1.30 LÓN

1.30 – 3.00 Gairneoireacht / T.F.

DÉ CÉADAOIN

9.30 -11.10 Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht

11.10 - 11.20 SOS

11.20 – 12.10 Gaeilge

12.10 – 1.00 Oid. Sóisialta

1.00 - 1.30 LÓN

1.30 – 3.00 Fóillíocht & Áineas

DÉARDAOIN

9.30 – 10.20 Béarla

10.20 - 11.10 Matamaitic

11.10 - 11.20 SOS

11.20 – 12.10 Oid. Sóisialta

12.10 – 1.00 Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir

1.00 - 1.30 LÓN

1.30 – 3.00 Gairneoireacht / T.F.

DÉ HAOINE

9.30 – 10.20 Béarla

10.20 - 11.10 Am Taisc

11.10 - 11.20 SOS

11.20 – 12.10 Matamaitic

12.10 – 1.00 Oid. Sóisialta

1.00 - 1.30 LÓN

1.30 - 3.00 Ealaín / Drámaíocht